An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Suirbhé Cuideachta na hEorpa 2009: Ionadaíocht fostaithe ar leibhéal bunaíochta san Eoraip

## Achoimre fheidhmeach

### Réamhrá

I gcuideachtaí ar fud na hEorpa tá roinnt cainéal éagsúil d'ionadaíocht fostaithe le fáil: ina measc sin tá comhairlí oibreacha, ceardchumainn, coistí speisialta, ionadaithe sláinte agus sábháilteachta agus toscairí na n-oibrithe. Déanann an tuarascáil seo iniúchadh ar na príomhstruchtúir ionadaíochta fostaithe ar leibhéal an ionaid oibre i 27 Ballstát an AE agus sa trí thír is iarrthóirí (Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, an Chróit agus an Tuirc). Tá sí bunaithe ar dhá fhoinse faisnéise: 1) Torthaí Shuirbhé Cuideachta na hEorpa (ECS) 2009; agus 2) bileoga eolais tíre arna dtáirgeadh ag comhfhreagraithe náisiúnta de chuid Réadlann Caidrimh Thionsclaíoch na hEorpa (EIRO).

Tá torthaí an ECS bunaithe ar agallaimh theileafóin le bainisteoirí AD in os cionn 27 000 bunaíocht chomh maith le níos mó ná 6 500 ionadaí fostaithe. Tairgeann na sonraí a tháinig astu sin breisluach uathúil, toisc go bhfuil infhaighteacht na sonraí ar leibhéal náisiúnta faoi ionadaíocht fostaithe thar a bheith athraitheach. Ar leibhéal Eorpach, ceadaíonn na torthaí comparáidí trastíre a dhéanamh ar an staid maidir le hionadaíocht fostaithe san Eoraip agus mar sin is féidir leo cuidiú go mór leis an díospóireacht ar chur chun feidhme rialacháin i ndáil le faisnéis agus comhairliúchán san ionad oibre.

### Comhthéacs beartais

I mórán tíortha, d'fhabhraigh ionadaíocht leasa institiúide d'fhostaithe thar mórán blianta agus is gné bhunaithe de dhaonlathas tionsclaíoch í inniu. I roinnt Ballstát, cosúil le tíortha thoir na hEorpa, is feiniméan réasúnta nua iad struchtúir dá leithéid. Bhí ról tábhachtach ag Treoir an AE 2002/14/CE maidir le faisnéis agus comhairliúchán le deich mbliana anuas i ndáil le struchtúir ionadaíochta fostaithe a fhorbairt san ionad oibre.

### Príomhthátail

Léiríonn na struchtúir ionadaíochta éagsúla ar fud na hEorpa traidisiúin difriúla i ndáil le caidreamh tionsclaíoch mar aon le cumais éagsúla de chuid comhghníomhairí chun cineál éigin comhairliúcháin a thionscain leis an bhfostóir faoi shaincheisteanna na n-oibrithe. De réir an ECS, cuimsítear tíortha i gceithre chatagóir maidir leis an gcineál ionadaíochta atá i gceist ar leibhéal cuideachta:

- Ionadaíocht um chainéal aonair, nuair is ionann comhairlí oibreacha agus an t-aon struchtúr ionadaíochta fostaithe incháilithe: an Ostair, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír.
- Ionadaíocht dhéchainéil, nuair atá an dá chineál ionadaíochta i gceist ach go bhfuil ról níos láidre ag comhairlí oibreacha: an Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil, agus an Spáinn (i cás na Spáinne, cheistigh an suirbhé faoi chomhairlí oibreacha amháin, ní faoi cheardchumainn). I roinnt Ballstát, is cosúil go bhfuil an córas bunaithe ar cheardchumainn mar aon le hathruithe úrnua ar reachtaíocht maidir le comhairlí oibre tar éis bunú comhairlí oibreacha a chothú: an Eastóin, an tSlóvaic, an Ungáir, an Rómáin, an Laitvia, an Pholainn, an RA agus, ar bhonn níos lú, Éire.
- Ionadaíocht dhéchainéil, le ról suntasach á ghlacadh ag maoir cheardchumainn: an Danmhairg, an Fhionlainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Chróit.
- Ionadaíocht um chainéal aonair, nuair is ionann ceardchumainn agus an t-aon chomhlacht ionadaíochta fostaithe: an Chipir, Málta, an tSualainn, FYROM agus an Tuirc.

### Minicíocht agus clúdach

Tá an ráta minicíochta is airde d'ionadaíocht fostaithe san ionad oibre le fáil sa Danmhairg, sa tSualainn agus san Fhionlainn, agus ansin sa Bheilg, sa Spáinn agus i Lucsamburg. Tá na rátaí minicíochta is ísle taifeadta sa Ghréig, sa Phortaingéil, i Málta, sa Tuirc, i bPoblacht na Seice agus san Ostair. Mar riail ghinearálta, bíonn leibhéil ísle nó meánacha sna Ballstáit nua, seachas sa Rómáin, ina bhfuil ceann de na leibhéil is airde. Maidir le clúdach, tá scéal comhchosúil i gceist, le leibhéal ard i roinnt bheag tíortha: áiríonn siad sin Lucsamburg, an Fhrainc, an Chróit, an Pholainn agus an Ostair (áit a bhfuil níos mó struchtúr ionadaíochta i mbunaíochtaí níos mó); an Spáinn, an tSlóvaic, an Chipir, an Laitvia agus an Eastóin (minicíocht níos mó i mbunaíochtaí níos lú).

Féadfaidh fostaithe nach bhfuil clúdaithe ag cineál dlíthiúil ionadaíochta ar leibhéal bunaíochta a bheith clúdaithe fós ag ionadaíocht fostaithe incháilithe ar leibhéal cuideachta nó ag comhlacht ad hoc. Go ginearálta bíonn líon réasúnta ard comhlachtaí ad hoc sna tíortha sin áit arb ionann comhairlí oibreacha agus comhlachtaí aonair, nó an fhoirm ardcheannasach i gcóras déchainéil ar a laghad (mar shampla, i Lucsamburg, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Laitvia, in Éirinn agus san Ostair).

### Tairsí íosta

Tá tairsí íosta seasta ag an gcuid is mó de thíortha do chomhairlí oibreacha, ach ní le haghaidh ionadaíochta ceardchumainn. I roinnt tíortha, cosúil le Lucsamburg agus an Ísiltír, tá sé éigeantach comhairlí oibreacha a bhunú ó thairseach áirithe ar aghaidh. I dtíortha eile, i gcomhréir le riachtanas na Treorach Faisnéise agus Comhairliúcháin, caithfidh fostóirí struchtúir leordhóthanacha a chinntiú chun dul i gcomhairle lena gcuid fostaithe agus iad a chur ar an eolas i mbunaíochtaí le níos mó ná 50 fostaí. Tá tairsí níos lú curtha i bhfeidhm ag tíortha áitithe (mar shampla, i mbunaíochtaí le níos mó ná 30 fostaí i gcás na hEastóine). Is cosúil nach bhfuil nasc soiléir ar bith idir na tairsí agus an méid ionadaíochta iarbhír: ní gá go bhfuil rátaí ionadaíochta níos airde sna tíortha sin le tairsí dlíthiúla níos ísle.

Áit ina bhfuil dhá chineál ionadaíochta i gceist, is cosúil go bhfuil réimsí ionadaíochta deighilte ar bhonn feidhmeach i mórán tíortha: díríonn ceardchumainn níos mó ar chómhargáil fad is a bhíonn níos mó bainte ag comhairlí oibreacha le faisnéis agus comhairliúchán. Is féidir an dá chineál ionadaíochta fostaithe a fháil i ngach earnáil, cé gur cosúil go bhfuil níos mó ceardchumann san earnáil phoiblí, agus níos mó comhairlí oibreacha sna hearnálacha seirbhíse príobháidí agus táirgthe.

### Méid na cuideachta

Go ginearálta, tá sé níos dóchúla go n-úsáidfidh bunaíochtaí níos lú, go háirithe i dtíortha le córais bunaithe ar chomhairlí oibreacha, cineálacha ionadaíochta ad hoc. Is eisceachtaí iad an Spáinn, an Chipir, Málta, an Tuirc, an Bhulgáir, na Stáit Bhaltacha, an Phortaingéil, an Ghréig agus an RA don riail seo, áit nach bhfuil a lán coistí ad hoc i measc bunaíochtaí níos lú. Tá rátaí ionadaíochta ísle i gcoitinne ag beagnach gach ceann de na tíortha sin, agus mar sin is minic a bhaineann bunaíochtaí níos mó úsáid as cineálacha ionadaíochta ad hoc.

Chomh maith céanna, díríonn ceardchumainn ar struchtúir ionadaíochta a bhunú laistigh de chuideachtaí níos mó, dá bhrí sin ag clúdach codanna móra den lucht saothair, ach is minic a fhaightear comhairlí oibreacha (mar chomhlachtaí aonair) i mbunaíochtaí níos lú freisin. Tá sé sin spéisiúil, toisc go bhfuil na tairsí íosta maidir le hionadaíocht cheardchumainn a bhunú ar leibhéal cuideachta íseal nó níl siad i gceist ar chor ar bith sa chuid is mó de thíortha, fad is a bhíonn na tairsí íosta do chomhairlí oibreacha níos airde i gcoitinne. Is eisceachtaí iad an Fhionlainn, an Danmhairg agus an Bheilg maidir leis sin, áit a bhfuil a lán ceardchumann le fáil i mbunaíochtaí níos lú freisin.

## Leideanna beartais

I mórán Ballstát ina bhfuil a lán ceardchumann go traidisiúnta, léiríonn na torthaí céatadán suntasach de chomhairlí oibreacha, atá ag feidhmiú go chomhpháirteach den chuid is mó le ceardchumainn, ach i roinnt tíortha freisin mar chomhlachtaí aonair. Mar shampla, i roinnt de na Ballstáit nua (an Pholainn, an Rómáin, an Laitvia, an Ungáir), ach sa RA freisin, áit ar fheiniméan réasúnta nua iad comhairlí oibreacha de bharr athruithe ar reachtaíocht le déanaí, léiríonn sonraí an tsuirbhé rátaí minicíochta agus clúdaigh i bhfad níos airde de chomhairlí oibreacha mar chineálacha ionadaíochta aonair ná mar atá doiciméadaithe sna tuarascálacha náisiúnta.

D'fhéadfadh sé sin a chur in iúl go bhfuil forbairtí nua nach bhfuil le feiceáil go fóill i staitisticí ar leibhéal náisiúnta léirithe ag an suirbhé. D'fhéadfadh na forbairtí nua sin tionchar thrasuíomh na Treorach 2002/14/CE maidir le faisnéis agus comhairliúchán a chur chun cinn, a léiriú. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh anailíse le cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil sé sin ag cothú treochta Eorpaí i dtreo déchainéal, ag comhcheangal comhairlí oibreacha le ról do ghníomhairí ceardchumainn in ionaid oibre ina bhfuil ionadaíocht fostaithe.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil "*Employee representation at establishment level in Europe*" (Ionadaíocht fostaithe ar leibhéal bunaíochta san Eoraip) ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1143.htm

Teagmháil: Carlos Vacas
cva@eurofound.europa.eu